

**Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus

<b>Teideal Beartais:</b>	Beartas um Dhínit agus Meas Foirne
<b>Cur Síos:</b>	Sa bheartas seo leagtar amach a chuid aidhmeanna agus a rún mar go leagtar amach ann freagrachtaí gach ball foirne IOM ar champas ó thaobh páirt a ghlacadh i dtimpeallacht dhearfach agus thuisceanach a chruthú.
<b>Údar (Post):</b>	Stiúrthóir Acmhainní Daonna
<b>Leagan:</b>	1.0
<b>Arna Fhaomhadh ag:</b>	Bord Rialaithe IOM
<b>Dáta Faofa an Bheartais:</b>	Feabhra 2026
<b>Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar Bheartas:</b>	Meitheamh 2027 nó de réir mar is gá

## 1. Comhthéacs

Treoirphrionsabal amháin atá ag Institiúid Oideachais Marino (“**IOM**”) ná timpeallacht oibre a bhunú agus a choimeád atá duine-lárnach agus measúil ar dhifríochtaí aonair. Tá IOM tiomanta do thimpeallacht a áirithiú a fhabhraíonn agus a thacaíonn le feabhas ag an obair do gach ball foirne i dtimpeallacht mheasúil, dhearfach agus shábháilte.

Tá an fhreagracht ar gach ball foirne IOM ardleibhéal múinte, dínite, measa, caoinfhulaingthe agus tuisceana a chothú agus a choimeád i dtreo a gcomhghleacaithe agus baill an phobail de réir mar a oibríonn siad agus a bhuaileann siad lena chéile.

Go háirithe, cothaíonn agus cuireann IOM timpeallacht chomhghleacúil chun cinn dá baill foirne agus do bhaill phobail eile atá saor ón mbulaíocht, ón gciapadh agus ón ngnéaschiapadh. Ní bhíonn éifeacht aige sin ar shaoirse acadúil, ar luachanna an fhiosrúcháin agus an plé shaoir agus oscailte ar smaointe ná ar ghreann.

I gcásanna ar leith, seans go mbeidh ar IOM imeacht ón mBeartas um Dhínit agus Meas Foirne (an “**Beartas**”) i gcás go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh.

## 2. Cuspóir

Féachtar chuig an méid seo a leanas a bhaint amach sa Bheartas seo:

- A chur in iúl go soiléir go mbíonn IOM ag súil go mbeidh dínit agus meas ag baill foirne ar gach duine lena ndéanann siad caidreamh le linn a hoibre;
- Aird a tharraingt ar fhreagracht na mball foirne as timpeallacht a chur chun cinn ina léirítear meas ar an éagsúlacht;
- Tacú le dea-chumarsáid i measc na mball foirne go léir agus caighdeáin iompair a leagan amach atá inghlactha laistigh d’IOM nó ag imeachtaí seachtracha, lena n-áirítear imeachtaí sóisialta, nuair a dhéanann baill foirne ionadaíocht ar IOM.
- Freagracht aonair gach fostaí a leagan amach maidir le heolas a chur ar an mBeartas agus é a chur i bhfeidhm;
- Treoir a thabhairt do bhaill foirne faoi mhodhanna cuí agus measúla le coimhlint agus easaontas a réiteach;
- Chun cumhacht a thabhairt d’fhoireann IOM saincheistanna idirphearsanta agus

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

saincheisteanna maidir le dínit agus meas a réiteach agus úsáid a bhaint as modhanna réitigh agus idirghabhála chomh luath agus is féidir agus de réir mar is cuí;

- Feasacht a ardú ar an mbulaíocht, ar an gciapadh agus ar an ngnéaschiapadh a chosc;
- Feasacht a ardú ar éifeachtaí na bulaíochta, an chiaptha agus an ghnéaschiaptha ar dhaoine aonair, ar an bpobal agus ar an timpeallacht oibre;
- Áit ina mothaíonn baill foirne go bhfuil siad in ann gearáin a dhéanamh maidir le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh gan eagla go mbeidh díoltas ná íospairt ann dá bharr;
- Próisis a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin maidir le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh a thacaíonn le cearta an ghearánaigh agus an duine ar a ndéantar an líomhain ina aghaidh (an “freagróir”) mar a leagtar amach sna Achtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998—2015 (“**EEA**”), an Cód Cleachtais d’Fhostóirí agus d’Fhostaithe maidir le Bulaíocht ag an Obair a Chosc agus a Réiteach 2020 (an “**Cód 2020**”) agus an Cód Cleachtais ar Ghnéaschiapadh agus ar Chiapadh ag an Obair 2022 (an “**Cód 2022**”).

### 3. Raon Feidhme

Baineann an beartas seo le hiompraíocht bhaill foirne IOM, conraitheoirí, foireann gníomhaireachta agus daoine eile i mbun ghnó IOM nó a ghabhann do ghníomhaíochtaí a bhaineann le hIOM nó seirbhísí a chur ar fáil d’IOM i ngach ionad agus suíomh, lena n-áirítear:

- Campas IOM;
- Campas aon institiúide nó áite eile ina mbíonn baill foirne ina n-ionadaithe ar IOM, lena n-áirítear suíomhanna um shocrúchán oibre;
- Ag imeachtaí amhail ócáidí sóisialta, comhdhálacha, imeachtaí spóirt, turais allamuigh nó sannacháin oibre a bhaineann le hIOM, nó le staidéar/obair duine, nó ag a bhfuil duine ina (h)ionadaí ar IOM;
- I scríbhinn, ar an nguthán, glaonna agus cruinnithe ar líne, trí ríomhphost, ar na meáin shóisialta nó ar aon chuid eile den idirlíon i ghníomhaíocht ar bith a bhaineann le hIOM;
- Foilseofar an Beartas seo go forleathan, agus cuirfear gach ball foirne ar an eolas

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

faoina ábhar trí shuíomh gréasáin IOM agus trí bhealaí cumarsáide eile. Cuirfear gach ball foirne nua ar an eolas faoin mBeartas seo agus iad á n-ionductú.

### 4. Sainmhínithe

#### 4.1 Cad is Bulaíocht ann?

Glacann an Beartas seo leis an sainmhíniú ar bhulaíocht mar atá leagtha amach i gCód 2020:

“Iompraíocht mhíchuí leantach atá sa bhulaíocht san áit oibre, cibé acu iompraíocht dhíreach nó indéreach atá i gceist, agus cibé acu iompraíocht bhéil, fhisiceach nó eile atá i gceist, a bhíonn ar siúl ag duine amháin nó níos mó daoine ag duine nó daoine eile, san áit oibre agus/nó le linn fostaíochta, a d’fhéadfaí a mheas go réasúnta go mbaineann sé de cheart an duine aonair chun dínite ag an obair. Dá dtarlódh an iompraíocht a bhfuil cur síos uirthi sa sainmhíniú seo uair amháin d’fhéadfadh go mbeadh sé ina mhasla do dhínit ag an obair ach, mar eachtra aonuaire, ní mheastar gur bulaíocht atá i gceist.”

Is féidir le bulaíocht tarlú ar go leor bealaí, ó iompar bagrach oscailte, agus béicíl go tráchtá caolchúiseacha nó eisiamh. D’fhéadfadh go ndéanfaí bulaíocht de bhéal, go fisiceach nó go síceolaíoch. Bíonn sé sciosach agus is féidir go mbeadh torthaí tromchúiseacha uirthi. Cuirfidh IOM tionchar na hiompraíochta ar an duine a ndearnadh uirthi í san áireamh agus í ag déileáil le cásanna bulaíochta.

Samplaí den Bhulaíocht:

- Íde béil/maslaí agus glaoch ainmneacha;
- Caitear go fabhrach le comhghleacaithe i róil chomhchosúla;
- Cáineadh agus searbhas gan chúis gan stad;
- Eisiamh le hiarmhairtí diúltacha;
- Caitear go fabhrach le comhghleacaithe;
- Beag a dhéanamh de thuairim duine;
- Ráflaí, luaidreán nó leath-thagairt a scaipeadh;
- Duine a fhágáil ar lár nó a scaradh amach san áit oibre;
- Náiriú poiblí nó príobháideach;
- Ag scairteadh ar oibrithe go poiblí agus/nó go príobháideach;
- Fonóid;
- Náiriú;

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

- Buile láithreach bonn, faoi shaincheisteanna fánacha de ghnáth;
- Sannadh míchothrom dualgas agus freagrachtaí;
- Spriocdhátaí dodhéanta a leagan amach nó tabhairt ar ábhar poist agus spriocanna duine i gcónaí;
- Cur isteach oibre gan ghá;
- An iomarca monatóireacht ar obair;
- Deacrachtaí a chruthú d'oibrithe rochtain a fháil ar faisnéis riachtanach nó faisnéis atá riachtanach d'fheidhmíocht chúí phost an duine a choinneáil agat féin;
- An bonn a bhaint d'iompar;
- Locht a chur ar dhuine as rudaí nach bhfuil neart aige nó aici orthu;
- Iompar bagrach nó úsáid teanga bhagrach nó gháirsiúil;
- Iompar bagrach;
- Gan aitheantas a thabhairt d'ionchur oibre;
- Iarratais réasúnta a dhiúltú arís agus arís eile gan chúis mhaith;
- Imeaglú agus bagairtí i gcoitinne; agus
- Cur isteach – ciapadh, spaireacht nó stalcaireacht.

Ní liosta uileghabhálach é seo.

Seo a leanas samplaí nuair nach mbíonn bulaíocht i gceist:

- Teagmhas aon uaire;
- Tuairimí difriúla a chur in iúl go láidir;
- Aiseolas, treoir, nó comhairle fhiúntach a thabhairt ar iompar a bhaineann leis an obair nach bhfuil ag teastáil;
- Gnáthbhainistíocht feidhmíochta;
- Gníomhú ceartaitheach réasúnta a dhéanann fostóir nó maoirseoir maidir le bainistíocht agus stiúradh na bhfostaithe (mar shampla, feidhmíocht oibrí a bhainistiú, gníomhartha smachtaithe réasúnta a dhéanamh, nó obair a shannadh); nó
- Coimhlint san áit oibre nuair a easaontaíonn daoine nó nuair a dhéanann siad neamhaird ar thuairim daoine eile.

### **4.2 Cad is Ciapadh ann?**

Glacann an Beartas seo leis an sainmhíniú ar chiapadh mar atá leagtha amach in EEA:

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

“aon fhoirm iompair neamhiarrtha” a bhaineann le haon cheann de na naoi bhforas leithcheala agus an cuspóir nó an éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, táireach, uiríslithe nó maslach a chruthú don duine”.

Seo a leanas na naoi gcúis smachta a leagtar amach in EEA:

- **Inscne:** Fear, bean, duine neamh-dhénártha nó duine trasinscneach;
- **Stádas Sibhialta:** Singil, pósta, scartha, colscartha nó ina b(h)aintreach;
- **Stádas teaghligh:** Tuismitheoir duine níos óige ná 18 mbliana d’aois, nó príomhchúramóir cónaitheach nó tuismitheoir duine faoi mhíchumas;
- **Claonadh gnéis:** Aerach, leispiach, déghnéasach, éighnéasach nó heitrighnéasach
- **Reiligiún:** Creideamh, cúlra nó tuairim dhifriúil maidir le reiligiún, nó ceann ar bith acu;
- **Aois:** Ní bhaineann sin ach leo siúd atá 16 bliana d’aois agus os a chionn;
- **Míchumas:** Sainmhínítear é seo ar bhonn leathan chun daoine a chuimsiú atá faoi mhíchumais fhisiciúla, intleachta, foghlama, chognaíocha nó mhothúchána agus ag a bhfuil raon de riochtaí sláinte;
- **Cine:** Cine, dath craicinn, náisiúntacht nó bunús eitneach ar leith;
- **Ballraíocht sa lucht Taistealaithe:** Daoine a dtugtar Taistealaithe orthu de ghnáth, a aithnítear ag Taistealaithe agus ag daoine eile araon mar dhaoine ag a bhfuil stair, cultúr agus traidisiúin choiteanna, arna sainathint go stairiúil mar mhodh maireachtála fánaíochta ar oileán na hÉireann.

D’fhéadfadh go mbeadh eachtra amháin nó iompraíocht mhíchúil leanúnach a bheith i gceist le ciapadh. Bíonn ciapadh i gceist le go leor cineálacha iompraíochta amhail:

- Ciapadh béil (magadh, tráchta, bheith ag fonóid faoi dhuine);
- Ciapadh scríofa (teachtaireachtaí téacs, ríomhphoist, fógraí);
- Ciapadh fisiciúil (comharthaí, gothaí bagracha, aon fhoirm d’ionsaí, teagmháil nach bhfuil ag teastáil);
- Ciapadh bagrach (comharthaí, gothaí nó gothaí bagracha);
- Taispeántais fhisiceacha (póstaeir, suaitheantais);

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

- Leithlisiú nó eisiámh ó ghníomhaíochtaí sóisialta a bhaineann leis an obair;
- Brú ar dhuine é féin a iompar ar bhealach a mheasann sé nach cuí é (iallach a bheith air gléasadh ar bhealach nach n-oireann do chúlra creidimh nó eitneach an duine).

Ní liosta uileghabhálach é seo.

### 4.3 Cad is Ciapadh Gnéis ann?

Sainmhíniú EEA gnéaschiapadh mar “aon fhoirm iompair neamhiarrtha, de nádúr gnéasach ó bhéal, neamhbhriathartha nó fisiciúil” a bhfuil an “cuspóir nó an éifeacht aige dínit duine a shárú agus timpeallacht imeaglaíthe, naimhdeach, táireach, uiríslithe nó maslach a chruthú don duine”.

Áirítear le ciapadh gnéis gníomhartha caidrimh chollaí nó iarratais ar gharaíocht ghnéis nó aon ghníomh nó iompraíocht ag an té atá i mbun an chiaptha lena n-áirítear focail labhartha, gothaí, déanamh, taispeáint nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhar eile nach bhfuil an faighteoir sásta leo agus a d’fhéadfaí a mheas go réasúnta mar iompraíocht atá dímheasúil, maslach, náireach nó imeaglach ó thaobh gnéis don fhaighteoir. Is é nádúr neamhiarrtha an chiaptha ghnéis a chiallaíonn go bhfuil difríocht ann idir é agus iompraíocht mhealltach nó ghnéis a théitear ina bun gan srian agus go comhpháirteach; is é tionchar dochrach na hiompraíochta neamhiarrtha ar an bhfaighteoir, seachas rún an té a dhéanann an ciapadh, atá tábhachtach. Tógann IOM iompraíocht an chiaptha ghnéis san áireamh nuair atá cásanna de chiapadh gnéis á bhfiosrú.

Samplaí de Chiapadh Gnéis:

- Ó bhéal: cluanaireacht ghnéis nach bhfuiltear á hiarraidh, jócanna lena ngabhann claontagairt ghnéis, iarratais ar gharaíocht ghnéis, bagairtí;
- Neamhbhéil nó indíreach: pictiúr nó ábhar scríofa lena ngabhann claontagairt ghnéis, féachaint dhrúisiúil, ráflaí a scaipeadh faoi iompraíocht nó claonadh gnéis duine;
- Leictreonach: teachtaireachtaí nó íomhánna a bhfuil claontagairt ghnéis iontu a sheoltar tríd an ríomhaire nó trí bhealaí leictreonacha eile;
- Fisiceach: aon teagmháil fhisiceach nach bhfuiltear á hiarraidh, suas le agus lena n-áirítear ionsaí.

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

Ní liosta uileghabhálach é seo de shamplaí gnéaschiaptha agus is féidir aon iompar de nádúr seo a phlé faoin mBeartas seo. Baineann an reachtaíocht maidir le gnéaschiapadh le heachtraí de nádúr gnéasach idir daoine den ghnéas céanna chomh maith le heachtraí idir bean agus fear.

### **5 Éifeachtaí a bhaineann le Bulaíocht, Ciapadh agus Gnéaschiapadh**

Is féidir le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh dul i bhfeidhm ar ghnéithe éagsúla de shaol IOM agus gach lena mbaineann – an duine ar a dhéantar bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh, ar ndóigh, ach baill foirne, comhghleacaithe, daoine eile san eagraíocht agus an duine a dhéanann bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh ar dhuine eile freisin. Téann sé i bhfeidhm ar dhínit agus ar fholláine duine, mar shampla, d'fhéadfadh go dtarlódh na nithe seo a leanas:

- Dochar don mheánma;
- Feidhmíocht agus táirgiúlacht lagaithe;
- Cultúr eagla;
- Imní;
- Dúlagar;
- Dochar d'fhéinmhuinín;
- Droch-mheabhairshláinte;
- Cailliúint measa;
- Cailliúint féinmhuiné;
- Méadú ar neamhláithreachta agus dhrochshláinte;
- Drochsheirbhísí do mhic léinn agus baill foirne;
- Dochar do chlú IOM má chuirtear isteach ar spreagadh nó éifeachtúlacht.

### **6 Duine Teagmhála**

**6.1** Tá Comhpháirtí Gnó Acmhainní Daonna ceaptha ag an Institiúid chun ról an “Duine Teagmhála” a chomhlíonadh laistigh den Institiúid. Is é ról an Duine Teagmhála a bheith tacúil agus faisnéis agus treoir a thabhairt ar an mbeartas seo amháin. Ní bheidh ról ag an Duine Teagmhála maidir le himscrúdú a dhéanamh ar aon ghearán maidir le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh. D'fhéadfaí tacaíocht chuí a chur ar fáil go rúnda trí Chlár Cúnamh d'Fhostaithe IOM freisin trí theagmháil a dhéanamh le Inspire ag 1800

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

201 346 nó support@lenabyinspire.com

**6.2** D'fhéadfadh go mbeidh baill foirne atá ina mbaill de cheardchumann aitheanta ag iarraidh labhairt lena n-ionadaithe ceardchumainn freisin.

## **7 Cad a dhéanaim sa chás go gcuirtear bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh i mo leith?**

**7.1** Is féidir leis cur isteach ort a bheith i d'ábhar gearáin agus féadfaidh go mothaíonn tú leochaileach agus i d'aonar. Féadfaidh sé a bheith cabhrach labhairt le duine faoin méid atá ag tarlú. Is féidir le fostaí a chuirtear bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh ina leith tacaíocht nó comhairle a lorg ó Ionadaí Acmhainní Daonna.

**7.2** Is féidir tacaíocht chuí a chur ar fáil go rúnda trí Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe trí theagmháil a dhéanamh le Inspire ag 1800 201 346 nó support@lenabyinspire.com D'fhéadfadh go mbeidh baill foirne atá ina mbaill de cheardchumann aitheanta ag iarraidh labhairt lena n-ionadaithe ceardchumainn freisin.

## **8 Próiseas Neamhfhoirmiúil**

### **8.1 Tús an Phróisis Neamhfhoirmiúil Dheonaigh**

Aithníonn IOM an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh ar a hoibrithe. Nuair is sábháilte agus is cuí a dhéanamh, áfach, tá IOM den tuairim gur minic go mbíonn cur chuige neamhfhoirmiúil maidir le hábhair a réiteach éifeachtach, lena n-áirítear idirghabháil (féach cuid 10 thíos). Sa chéad dul síos, is féidir iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar líomhain maidir le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh ar bhonn neamhfhoirmiúil tríd an nós imeachta a leagtar amach thíos.

1. Má chreideann an gearánach go bhfuil bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh á dhéanamh orthu, ba cheart don ghearánach, má tá sé nó sí ar a c(h)ompord é sin a dhéanamh, míniú go soiléir don fhreagróir go bhfuil an t-iompar atá faoi thrácht do-ghlactha ar fad. Ba cheart don ghearánach a oiread sonraí agus is féidir a thabhairt don fhreagróir faoi ábhar an gearáin (dátaí, amanna, finnétithe, srl.).
2. D'fhéadfadh go mbeidh sé níos oiriúnaí don ghearánach a ábhair imní a chur in iúl don fhreagróir i scríbhinn, ag díriú ar na gníomhartha maslacha a líomhnaíodh agus na héifeachtaí atá acu orthu.

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

3. I gcás go mbaineann na hábhair imní le bainisteoir láithreach, féadfaidh go mbeidh an gearánach ag iarraidh é seo a phlé go neamhfhoirmiúil le bainisteoir a bhainisteora, nó le duine ag an gcéad leibhéal bainistíochta eile.

Is é fócas an Phróisis Neamhfhoirmiúil Tosaigh iarracht a dhéanamh an fhadhb a réiteach go neamhfhoirmiúil trí chomhaontú gan dul i mbun aon chéim eile. Is minic gur leor é plé neamhfhoirmiúil chun an freagróir a chur ar a airdeall faoi éifeachtaí an iompair a líomhnaíodh agus d'fhéadfadh go mbeidh tuiscint níos fearr aige agus go n-aontóidh sé go gcuirfear stad leis an iompar. D'fhéadfadh go bhfágfaidh sé go míneofar bunchuspóir an iompair agus/nó comhaontú chun an t-iompar a athrú. Ar an lámh eile, féadfaidh an t-iompar a bheith bailí agus réasúnta, agus easaontaíonn freagairt an ghearánaigh le tuiscint fhoriomlán an iompair.

Ba cheart taifead scríofa ardleibhéil gonta a choinneáil ar an ábhar agus torthaí agus dátaí comhaontaithe ag aon duine atá freagrach as an ngearán a bhainistiú.

Mura bhfuil an Próiseas Neamhfhoirmiúil Tosaigh rathúil, nó má chreideann an gearánach nó IOM go bhfuil sé cuí de bharr thromchúis na bhfadhbanna, féadfar an Próiseas Neamhfhoirmiúil Tánaisteach a thosú:

### **8.2 Próiseas Neamhfhoirmiúil Tánaisteach**

1. Ainmneoidh IOM duine ábhartha chun déileáil leis an ngearán thar ceann IOM.
2. Ba cheart don ghearánach a ghearán a chur in iúl don duine ainmnithe ó bhéal nó i scríbhinn, agus samplaí nithiúla a thabhairt den iompar míchuí a líomhnaíodh, dátaí ar tharla na teagmhais sin agus sonraí na bhfinnéithe, nuair is féidir. Má thugtar é seo ó bhéal, glacfaidh an duine ainmnithe nóta de ghearán an ghearánaigh agus cóip de seo, a thabharfar don ghearánach.
3. Pléifidh an duine ainmnithe le gearán an ghearánaigh thar ceann IOM trí na fíricí, comhthéacs an ghearáin agus na chéad chéimeanna eile a bhunú maidir le déileáil leis an bhfadhb faoin nós imeachta neamhfhoirmiúil.
4. Má bhaineann an gearán le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh (mar a shainmhínítear) líomhnaithe, agus áirítear leis seo samplaí nithiúla den iompar míchuí; cuirfear an gearán in iúl don fhreagróir agus bunófar a f(h)reagairt.
5. Tar éis sin, cuirfear modh i bhfeidhm chun réiteach na faidhbe a chur chun cinn ionas

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

gur féidir leis an dá pháirtí fillleadh ar thimpeallacht oibre shuaimhneach gan a bheith buartha faoi bhulaíocht, faoi chiapadh nó faoi ghnéaschiapadh. Cuirfidh an dá pháirtí céimeanna chun bulaíocht, ciapadh nó ghnéaschiapadh líomhnaithe a stopadh, i gcás gur aithníodh í go páirteach nó go hiomlán, i bhfeidhm agus déanfar monatóireacht air seo de réir línte sonraithe, má cheadaíonn na cúinsí. D'fhéadfadh go mbeidh cur chuige díreach nó indíreach i gceist agus réiteach fhéideartha trí chlár chun iompar a athrú.

6. Féadfaidh IOM cinneadh a dhéanamh an bhfuil socruithe oibre eile ag teastáil nó féideartha le linn na céime gearrthearmaí seo – ní bheidh sé riachtanach nó féideartha i gcónaí agus déanfar aon chinneadh maidir leis seo ag rogha IOM.
7. Ba cheart moladh a dhéanamh agus a mheas maidir le conas déileáil leis an bhfadhb, agus gníomh agus tréimhse a bhunú, a shíniú agus a dhátú, ag an dá pháirtí más féidir.
8. Coinneoidh an duine ainmnithe taifead ar gach céim lena n-áirítear: an gearán, an chéad chruinniú, gníomhú a comhaontaíodh agus taifid sínithe ón gcruinniú deiridh. Coinneofar taifid mar sin de réir Bheartais um Phríobháideacht agus Coinneáil Sonraí IOM.
9. Cuirfear an Ceannasaí Roinne ábhartha ar an eolas, de réir mar is cuí, faoin bpróiseas ar siúl.
10. Mura mbaineann an t-iompar ar a ndearnadh gearán le bulaíocht, ciapadh nó ghnéaschiapadh líomhnaithe (mar a shainmhínítear), cuirfear cur chuige eile i bhfeidhm agus taifeadfar réasúnaíocht.

### **8.3 Dúnadh an Phróisis Neamhfoirmiúil**

Seo a leanas na torthaí is dóchúla ón bPróiseas Neamhfoirmiúil:

- In go leor cásanna, le comhar gach páirtí, is féidir deireadh a chur leis anseo.
- I roinnt cásanna, féadfaidh tacaíocht bhreise nó athbhreithnithe tréimhsiúla a bheith cuí.
- I gcás go meastar go bhfuil gearán cráiteach, is féidir an t-ábhar a chur ar aghaidh tríd an nós imeachta smachta.
- Tús an Phróisis Neamhfoirmiúil

## **9 An Próiseas Neamhfoirmiúil**

### **9.1 Gearán Foirmiúil**

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

1. I dtús báire, ba cheart don ghearánach gearán foirmiúil a dhéanamh i scríbhinn. Ba cheart don ghearán foirmiúil a bheith sínithe agus dátaithe agus a chur faoi bhráid an mhaoirseora láithrigh nó bhaill bhainistíochta. I gcás nach féidir é sin a dhéanamh, ba cheart don fhoireann AD nó an duine a shann an fostóir taifead scríofa a ghlacadh agus ba cheart don ghearánach é seo a shíniú agus a dhátú. Ba cheart don ghearán foirmiúil samplaí nithiúla den bhulaíocht, den chiapadh agus/nó den ghnéaschiapadh a líomhnaíodh, dátaí d'aon teagmhais mar sin agus sonraí na bhfinnéithe a phlé amháin, más féidir.
2. Ansin cuirfear an freagróir in iúl i scríbhinn go ndearnadh líomhain maidir le bulaíocht, ciapadh, agus/nó gnéaschiapadh ina choinne. Tabharfar cóip den ghearán, aon doiciméid ábhartha, lena n-áirítear cóip den bheartas seo don fhreagróir, agus molfar dó go mbeidh an deis aige freagairt ar an líomhain (na líomhaintí).
3. Molfar an gearánach agus an freagróir ar chuspóirí agus aidhmeanna an Phróisis Fhoirmiúil, na nósanna imeachta agus an tréimhse tháscach i gceist, agus na torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Gheobhaidh an dá pháirtí tacaíocht de réir mar is gá ar fud an phróisis. Cloífead leis na tréimhsí foriomlána seo de réir mar a bhíonn sé réasúnta praiticiúil.

### **9.2 Imscrúdú**

1. Beidh ball ainmnithe bainistíochta nó níos mó (nó duine arna cheapadh ag an lucht bainistíochta) freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar an ngearán. Ba cheart do scóip/do théarmaí tagartha an imscrúdaithe a chur in iúl go ndéanfaidh an t-imscrúdaitheoir cinneadh bunaithe ar an bhfaisnéis roimhe ar tharla an gníomh (na gníomhartha) / an imeacht (na himeachtaí) ar a ndearnadh gearán. Níor cheart don imscrúdaitheoir na líomhaintí a dhearbhu nó a dhiúltú agus/nó smachtbhannaí a mholadh nó a chur i bhfeidhm.
2. Déanfaidh IOM achoimre ar na téarmaí tagartha don imscrúdaitheoir agus tréimhse tháscach don imscrúdú. Má mheasann IOM go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh, coimeádann IOM an ceart aici, dá lánrogha féin, tríú páirtí seachtrach a cheapadh nó a fháil chun an t-imscrúdú a dhéanamh.
3. Buailfidh an t-imscrúdaitheoir leis an ngearánach, leis an bhfreagróir, agus le haon fhinnéithe, mar chuid den imscrúdú. Déanfar taifead ar ráitis ó gach páirtí, lena n-áirítear

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

ó fhinnéithe, i scríbhinn. Tabharfar cóipeanna de ráiteas an duine féin dóibh siúd a dhéanann ráitis. Gheobhaidh an gearánach agus an fhreagróir cóipeanna de gach ráiteas.

4. Is féidir le comhghleacaí nó ionadaí ceardchumainn a bheith i dteannta leis an ngearánach agus leis an bhfreagróir ag aon chruinniú faoin bPróiseas Foirmiúil. Coimeádann IOM an ceart aici freastal an ionadaí roghnaithe ag an gcruinniú a dhiúltú i gcás, mar shampla, de réir thuairim réasúnach IOM, go gcuirfeadh a f(h)reastal bac ar reáchtáil éifeachtach an chruinnithe. Tabharfar deis don ghearánach agus don fhreagróir a ionadaí roghnaithe a athrú.
5. Leanfaidh gach páirtí ar aghaidh ag obair mar is gnách le linn an imscrúdaithe, mura n-ordaítear a mhalairt. Nuair is cuí, agus ag rogha IOM, féadfaidh socruithe oibre eile a chur i bhfeidhm nó féadfaidh páirtí an ghearáin a chur ar fionraí ar phá iomlán, más cuí. Ní smachtbhanna smachta é aon fhionraí mar sin.
6. A luaithe a chuirfeadh an t-imscrúdú i gcrích:
  - a. Déanfaidh an t-imscrúdaitheoir cinneadh bunaithe ar an bhfaisnéis roimhe ar tharla an gníomh (na gníomhartha) / an imeacht (na himeachtaí) ar a ndearnadh gearán.
  - b. Déanfaidh an t-imscrúdaitheoir dréacht-tuarascáil scríofa a thugann achoimre ar shonraí an ghearáin, freagairt an fhreagróra, agus an fhaisnéis a bailíodh le linn an imscrúdaithe, a t(h)orthaí agus cúiseanna dá t(h)orthaí sin.
  - c. Tabharfar deis don ghearánach agus don fhreagróir barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil laistigh de chúig lá oibre chun críocha aon earráidí fíriciúla nó earráidí eile a cheartú sula gcuireann an t-imscrúdaitheoir an tuarascáil i gcrích.
  - d. Má mheasann an t-imscrúdaitheoir go bhfuil cás le freagairt ag an bhfreagróir agus gur tharla an gníomh (na gníomhartha) / an imeacht (na himeachtaí), ansin is féidir leis an imscrúdaitheoir freagairt a mholadh fad is a agraíonn IOM an nós imeachta smachta. Féadfaidh IOM cinneadh a dhéanadh an nós imeachta smachta a agairt má chreideann sí go bhfuil sé cuí é sin a dhéanamh. Tá aon chinneadh a bhaineann leis an nós imeachta smachta a agairt faoi rogha IOM.
  - e. Cuirfidh IOM a cinneadh maidir le torthaí an imscrúdaitheora in iúl don ghearánach agus don fhreagróir araon.

### 9.3 Achomharc

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

Féadfaidh an gearánach nó an freagróir achomharc a dhéanamh ar thoradh an Phróisis Fhoirmiúil faoi bhráid Uachtarán IOM, nó a hainmní, i scríbhinn laistigh de chúig lá oibre ó chinneadh IOM. Ba cheart cúiseanna an achomhairc a leagan amach i scríbhinn. Is i scríbhinn amháin a phléifear leis an achomharc nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh duine ábhartha éisteacht leis (ní an príomhimscrúdaitheoir) de réir mar a chinneann IOM. Chun amhras a sheachaint, ní athéisteacht na mbunfhadhbanna é an t-achomharc, díreoidh sé ar aon fhadhbanna atá ag an ngearánach/bhfreagróir maidir leis an dóigh a ndearnadh an t-imscrúdú maidir le próiseas cothrom agus comhlíonadh an nós imeachta. Beidh toradh an achomhairc deiridh.

### **9.4 Dúnadh an Phróisis Fhoirmiúil**

- Féadfaidh IOM cinneadh beart a dhéanamh lena n-áirítear comhairleoireacht, monatóireacht, idirghabháil agus/nó an nós imeachta smachta a agairt.
- Má dhéanann duine nach fostaí IOM é bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh, cinnfidh IOM, mar thoradh ar an tuarascáil imscrúdaithe, cén gníomh cuí ar cheart a dhéanamh.

Tabhair faoi deara nach seasfaidh IOM le líomhaintí baotha agus cráiteacha maidir le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh agus féadfaidh sí an nós imeachta a agairt in aghaidh an ghearánaigh má chreideann sí go bhfuil líomhaintí a rinneadh mailíseach d'aon turas. Ní mar sin a bheidh sé sa chás go ndéantar gearán le dea-intinn.

## **10 Idirghabháil**

Is modh eile í idirghabháil chun fadhbanna maidir le bulaíocht, ciapadh agus gnéaschiapadh a réiteach agus is féidir í a úsáid ag aon chéim sa phróiseas. Baineann idirghabháil le páirtithe ag iarraidh teacht ar réiteach trí chomhaontú, seachas trí imscrúdú.

Tugann idirghabháil deis rúnda don duine atá den bharúil go ndearnadh bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh air/uirthi agus an duine (na daoine) a cuireadh an t-iompar míchuí seo ina leith chun an fhadhb a phlé agus chun teacht ar réiteach chun a gcaidreamh oibre a chothú. Déantar idirghabháil go príobháideach, agus déantar í idir na páirtithe lena mbaineann amháin, le tacaíocht ó idirghabhálaí, a bheidh ina éascaitheoir neamhspleách. Is féidir le haon pháirtí éirí as an bpróiseas ag am ar bith trí chur in iúl don idirghabhálaí, i scríbhinn, gur mhaith leis é sin a dhéanamh.

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

Má chomhaontaíonn an dá pháirtí an fhadhb a réiteach trí idirghabháil, socróidh IOM an phróiseas idirghabhála. Sannfar duine ábhartha, inghlactha don dá pháirtí, ó nó laistigh d'IOM mar idirghabhálaí.

Ní mór d'fhaisnéis a nochtar le linn idirghabhála (nó aon phróiseas cosúil leis seo) a choinneáil laistigh den phróiseas idirghabhála agus ní thabharfaidh an t-idirghabhálaí í seo d'aon duine, lena n-áirítear imscrúdaitheoir má dhéantar imscrúdú eile ag an gcéim fhoirmiúil. Tá rúndacht ríthábhachtach ag an gcéim seo le bheith éifeachtach agus i gcás go bhfuil sáruihte rúndachta ann, féadfaidh go mbeidh gníomhú smachtaithe i gceist.

Má thagann an dá pháirtí ar chomhaontú inghlactha le linn an phróisis idirghabhála, cuirfidh an t-idirghabhálaí taifead scríofa ar théarmaí an tsocraithe le chéile le síniú ag an dá pháirtí.

Má bhriseann idirghabháil síos nó má theipeann uirthi a sprioc a bhaint amach, is féidir leis an bhfadhb a phróiseáil tríd na céimeanna eile den nós imeachta seo. Ní bheidh baint ag an duine sa phróiseas idirghabhála leis an bpróiseas imscrúdaithe.

### **11 Rúndacht**

Ba cheart d'IOM agus dóibh siúd atá páirteach sa phróiseas seo, mar a leagtar amach sa bheartas seo, an-iarracht a dhéanamh chun rúndacht a choinneáil, de réir na riachtanas a bhaineann le himscrúdú cothrom. Féadfaidh gníomhú smachtaithe a tharlú tar éis sárú rúndachta.

### **12 Díoltas in aghaidh gearánaigh**

Féadfaidh gníomhú smachtaithe a tharlú mar gheall ar íospairt nó díoltas oibrí eile in aghaidh gearánaigh, oibrí a thacaíonn le gearánach, nó oibrí a thugann fianaise maidir leis an líomhain a bhaineann le bulaíocht, ciapadh nó gnéaschiapadh, go dtí dífhostú agus san áireamh. Ní ghníomhóidh IOM in aghaidh oibrí toisc go dtuairiscíonn nó go bhfuil sé/sí páirteach, le dea-intinn, san imscrúdú de réir an bheartais seo.

### **13 Éilimh mhailíseacha/bhréagacha**

I gcás go gcreidtear go bhfuil mí-úsáid á baint as an mbeartas trí éilimh mhailíseacha, áibhéalacha nó bhréagacha go feasach, féadfaidh nós imeachta smachta IOM a agairt in aghaidh gearánaigh, agus féadfaidh gníomhú smachtaithe go dtí dífhostú gan fógra san áireamh a tharlú dá bharr.

## **Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne**

### **14 Monatóireacht agus Tacaíocht**

Leanfaidh IOM le monatóireacht ar an gcás tar éis gearán a dhéanamh lena chinntiú nach dtarlaíonn an t-iompar míchuí arís. Tá IOM tiomanta do chinntiú go dtacaítear le gach páirtí le linn agus tar éis gearán agus imscrúdú a dhéanamh. Féadfaidh comhairleoireacht a bheith i gceist i roinnt cásanna.

### **15 Athbhreithniú**

I gcásanna ar leith, coimeádann IOM an ceart aici aon athruithe agus leasuithe a dhéanamh ar an mbeartas seo atá riachtanach, ag am ar bith, dá lánrogha féin.

### **16 Cáipéisí Gaolmhara**

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2012
- An tAcht um Shláinte, Shábháilteacht agus Leas ag an Obair, 2005
- Cód Cleachtais d’Fhostóirí agus d’Fhostaithe maidir le Bulaíocht ag an Obair a Chosc agus a Réiteach 2020
- Cód Cleachtais ar Ghnéaschiapadh agus ar Chiapadh ag an Obair 2022
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – 2015
- An tAcht Míchumais 2005
- Beartas Smachta IOM
- Sceideal Coinneála Taifead IOM

## Ainm an Bheartais: Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

### Aguisín 1 - Eolas d'Fhinnéithe

#### 1. An cur chuige:

- i. Rachaidh fiosraitheoirí gearáin fhoirmiúil i dteagmháil leat i bpearsa nó i scríbhinn agus iarrfaidh siad ort freastal ar chruinniú leo (agus leo siúd amháin) ar dháta/ag am sonrath. Sonrófar ann de ghnáth go bhfuil tú ainmnithe ag ball foirne "X" mar fhinné i ngearán.
- ii. Ba cheart duit glacadh leis an iarratas seo, agus, mura bhfuil tú cinnte faoinar cheart duit a dhéanamh ina dhiaidh sin, is féidir leat dul i dteagmháil le Ceannasaí Roinne, bainisteoir, Ionadaí Acmhainní Daonna nó Clár Cúnaimh rúnda d'Fhostaithe IOM. D'fhéadfadh go mbeidh baill foirne atá ina mbaill de cheardchumann aitheanta ag iarraidh labhairt lena n-ionadaithe ceardchumainn freisin.

#### 2. Eolas faoi ghearán

Ní thabharfar mórán eolais don fhinné maidir le hábhar an ghearáin. Ní gheobhaidh tú eolas ach faoin eachtra a d'fhéadfadh go raibh tú i d'fhinné di. Seans go n-iarrfaí ort soiléiriú a thabhairt maidir le hábhar idirghníomhaithe. Ní thabharfar aon eolas duit faoi thoradh an cháis. Cé go bhféadfadh sé sin bheith ina ábhar frustrachais, is í an chúis leis ná rúndacht na bpáirtithe go léir atá rannpháirteach a chosaint.

#### 3. Rúndacht

Beifear ag súil go gcoimeádfaidh tú faoi dhianrún gur finné tú chomh maith le hábhar an chruinnithe. Dá bharr sin, níor cheart duit é seo a phlé le duine ar bith de do chomhghleacaithe ná leis an ngearánach nó leis an bhfreagróir.

#### 4. Cén fhianaise ar cheart dom a thabhairt?

Bí macánta le linn an phróisis. Ná tabhair ach fianaise a raibh tú féin i d'fhinné díreach uirthi, ní eolas a chuala tú ó nó a d'inis do chomhghleacaithe eile duit. Murar féidir leat cuimhneamh go beacht ar na heachtraí, sonraigh é sin go soiléir.

#### 5. An bhfaighidh tú cóipeanna de do chuid ráiteas?

Más mian leat, is féidir cóipeanna a fháil de na nótaí a glacadh le linn do chruinnithe leis na Fiosraitheoirí.

#### 6. An dtugtar aon chosaint ar íospairt?

## **Ainm an Bheartais:** Beartas um Dhínit agus Meas Foirne

I gcás ball foirne a thoilíonn bheith i láthair mar fhinné nó a bhfuil fianaise tugtha acu in imeachtaí, cosnaítear iad ar íospairt faoin mBeartas seo. Déanfar gach iarracht chun cinntiú nach mbeidh tionchar diúltach ag do rannpháirtíocht sa phróiseas ort.

### 7. Cén tacaíocht a bhíonn ar fáil?

D'fhéadfadh go mbeadh sé strusmhar do bhaill foirne bheith rannpháirteach sa phróiseas seo. Más mian leat tacaíocht a fháil, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an roinn Acmhainní Daonna nó **is féidir tacaíocht chuí a chur ar fáil go rúnda trí Chlár Cúnaimh d'Fhostaithe IOM trí theagmháil a dhéanamh le Lean By Inspire ag 1800 201 346**. Labhróidh siad leat faoi na hábhair atá i gceist, déanfaidh siad gach iarracht réasúnach cabhrú leat an strus a mhaolú, agus oibreoidh siad leat le linn an cháis.

### 8. An gcoimeádfar an fhaisnéis seo i mo chomhad?

Ní choimeádfar aon fhaisnéis i do chomhad maidir le do rannpháirtíocht sa chás seo ach amháin má tá ról díreach agat ann m.sh. mar ghearánach nó mar fhreagróir.

### 9. Conas a éascófar gearáin nó freagairtí trí mheán na Gaeilge?

Déanfar gach iarracht an próiseas a éascú trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla agus go dátheangach.